*(Supplementary Order Paper)*

# 38 DÁIL ÉIREANN

*Dé Máirt*, 1 *Meitheamh*, 2021
*Tuesday*, 1*st June*, 2021

*An Lárionad Coinbhinsiúin, Baile Átha Cliath*
*Convention Centre Dublin*

2 p.m.

**I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ**
**AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS**

*Fógraí Tairisceana: Notices of Motions*

***a*6.** "Go leasaítear Buan-Orduithe 106 agus 107 de Bhuan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí mar a fhoráiltear sa tuarascáil ón gCoiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála dar dáta 31 Bealtaine 2021, dar teideal 'Leasuithe ar Bhuan-Orduithe a bhaineann le cian-rannpháirtíocht i gcruinnithe Coiste', ar leagadh cóip di faoi bhráid Dháil Éireann an 1 Meitheamh 2021.

That the Standing Orders 106 and 107 of the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business be amended as provided for in the report of the Committee on Standing Orders and Dáil Reform dated 31st May, 2021, entitled 'Amendments to Standing Orders relating to remote participation in Committee meetings', a copy of which was laid before Dáil Éireann on 1st June, 2021."

*—Cathal Berry, Holly Cairns, Alan Farrell, Brendan Griffin, Emer Higgins, Brendan Howlin, John Lahart, Seán Mac Ambróis, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh, Pádraig Mac Lochlainn, Denise Mitchell, Paul Murphy, Carol Nolan, Marc Ó Cathasaigh, Aengus Ó Snodaigh, Thomas Pringle.*

---

***b*6.** "Go ndéanann Dáil Eireann:

dlúthpháirtíocht na hÉireann le muintir na Bealarúise maidir lena gcosaint shíochánta ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar chearta bunúsacha an duine a dhearbhú;

a dhiúltiú do dhlisteanacht dhaonlathach Alexander Lukashenko tar éis toghchán uachtaráin calaoiseach an 9 Lúnasa 2020 nach raibh cóir ná cothrom;

an foréigean agus an cos ar bolg a rinneadh ag réimeas Lukashenko sa tréimhse díreach roimh an toghchán sin agus dá éis sin a cháineadh, lena n-áirítear a ghníomhartha chun an freasúra, sochaí shibhialta agus na meáin neamhspleácha a chur ina dtost trí ollghabhálacha, pionóis choiriúla throma,

That Dáil Eireann:

affirms Ireland's solidarity with the Belarusian people in their peaceful defence of democratic principles and fundamental human rights;

rejects the democratic legitimacy of Alexander Lukashenko following the fraudulent 9th August, 2020, presidential election that was neither free nor fair;

condemns the violence and repression perpetrated by the Lukashenko regime in the run up to, and in the aftermath of, that election, including its actions to silence the opposition, civil society and independent media through mass arrests, heavy criminal penalties, internet shutdowns and restrictions

múchadh an idirlín agus srianta ar shaoirsí na meán;

tuirlingt éigeantach chomhéigneach a rinneadh le déanaí ag údaráis na Bealarúise ar aerárthach Ryanair, a bhí ag eitilt idir príomhchathracha Aontais Eorpaigh (AE), lenar cuireadh saol na bpaisinéirí agus na foirne i mbaol agus lenar léiríodh neamhaird mínáireach ar an dlí idirnáisiúnta, a cháineadh tuilleadh;

a iarraidh go scaoilfear saor Roman Protasevich, Sofia Sapega agus gach duine a gabhadh go héagórach sa Bhealarúis láithreach agus gan choinníollacha;

fáilte a chur roimh thionscnamh imscrúdaithe ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus a iarraidh ar údaráis na Bealarúise comhoibriú go hiomlán leis an imscrúdú sin;

fáilte a chur thairis sin roimh fhreagairt dhaingean Chomhairle na hEorpa le linn a gcruinnithe ar an 24 Bealtaine agus tacaíocht leanúnach na hÉireann do bhearta comhordaithe AE a dhearbhú;

a thabhairt dá haire:

— nádúr fíorspontáineach agus fíorshíochánta na gluaiseachta agóide sa Bhealarúis tar éis thoghchán uachtaráin neamhdhlisteanach Lúnasa 2020;

— an easpa gníomhaíochta ag údaráis na Bealarúise chun imscrúdú a dhéanamh go leordhóthanach ar líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine, amhail éigniú, leictreaghortú agus cineálacha eile céasta;

— imní láidir Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe i dtaobh staid chosantóirí chearta an duine maidir le géarleanúint ar bhanchosantóirí chearta an duine agus coiriúlú dáiríre obair chearta an duine;

— tiomantas na hÉireann don staid sa Bhealarúis a choimeád go hard ar an gclár oibre idirnáisiúnta, lena n-áirítear ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus ag cruinnithe de chomhaltaí de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; agus

— tacaíocht ghlórach agus dhiongbháilte na hÉireann do mhuintir na Bealarúise agus do shochaí shibhialta na Bealarúise, lena n-áirítear trí thacaíocht do thionscadail a

on media freedoms;

further condemns the recent coercive forced landing by the Belarusian authorities of a Ryanair aircraft, that was flying between European Union (EU) capitals, which endangered the lives of the passengers and crew and showed a flagrant disregard for international law;

calls for the immediate and unconditional release of Roman Protasevich, Sofia Sapega and all those unjustly detained in Belarus;

welcomes the initiation of an investigation by the International Civil Aviation Organization and calls on the Belarusian authorities to fully cooperate with that investigation;

further welcomes the firm response of the European Council during their meeting on 24th May, and affirms Ireland's continued support for coordinated EU measures;

notes:

— the genuinely spontaneous and peaceful nature of the protest movement in Belarus following the illegitimate August 2020 presidential election;

— the lack of action by the Belarusian authorities to adequately investigate allegations of human rights violations, such as rape, electrocution and other forms of torture;

— the strong concerns of the United Nations Special Rapporteur on the situation of human rights defenders regarding the persecution of women human rights defenders and the effective criminalisation of human rights work;

— Ireland's commitment to keeping the situation in Belarus high on the international agenda, including at the United Nations Human Rights Council and at meetings of United Nations Security Council members; and

— Ireland's vocal and steadfast support for the Belarusian people and Belarusian civil society, including through support for projects that seek to protect human

fhéachann le cearta an duine agus saoirsí na meán a chosaint; agus

a thathaint ar údaráis na Bealarúise:

— moltaí thuarascáil Shamhain 2020 ón Ollamh Wolfgang Benedek, a d'eascair as Sásra Mhoscó de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, a chur i ngníomh;

— plé a dhéanamh le Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le staid chearta an duine sa Bhealarúis agus rochtain a thabhairt di ar an tír ina cáil oifigiúil;

— plé iomlán a dhéanamh le hOifig Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe do Chearta an Duine ina himscrúdú ar níos mó ná dhá mhíle tuairisc de sháruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, drochúsáid agus mí-úsáid chorpartha agus ghnéis ar chimí;

— deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós lena gceadaítear d'fhórsaí slándála na Bealarúise gníomhú agus chun ceadú a thabhairt d'imscrúduithe neamhspleácha agus trédhearcacha ar bhásanna Raman Bandarenka agus Witold Ashurok i gcoimeád; agus

— dul i mbun comhrá náisiúnta fiúntach agus ionchuimsitheach leis an bhfreasúra polaitiúil agus le sochaí shibhialta, d'fhonn athchóirithe a bhfuil gá leo a dhéanamh roimh thoghcháin úra atá saor, cothrom agus a ndéanfar monatóireacht neamhspleách orthu.

rights and media freedoms; and

urges the Belarusian authorities to:

— implement the recommendations of the November 2020 report of Professor Wolfgang Benedek arising from the Organization for Security and Co-operation in Europe's Moscow Mechanism;

— engage with the United Nations Special Rapporteur on the situation of human rights in Belarus and grant her access to the country in her official capacity;

— fully engage with the Office of the United Nations High Commissioner for Human Rights in her investigation into the over two thousand reports of human rights violations, including torture, ill-treatment and physical and sexual abuse of detainees;

— end the impunity with which Belarusian security forces are permitted to act and to permit independent and transparent investigations into the deaths in custody of Raman Bandarenka and Witold Ashurok; and

— engage in a meaningful and inclusive national dialogue with the political opposition and civil society, with a view to making needed reforms in advance of fresh elections that are free, fair and independently monitored."

*—An tAire Gnóthaí Eachtracha.*